C/2024/4138

28.6.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/4138)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó ar a bhfuil cónaí i dtríú tír freasúra a thaisceadh, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Nougat de Montélimar'

Uimh. AE: PGI-FR-03001 — 22.9.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Nougat de Montélimar'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 2.3. Arán, pastaetha, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara

3.2. *Tuairisc ar an táirge dá dtagraíonn an t-ainm in (1)*

Is milseogra é 'Nougat de Montélimar' arb é atá ann:

— fuidreamh a bhfuil dath uachtair air agus é aeraithe le gealacáin uibhe agus ina bhfuil milseoirí, go háirithe mil;

— líonadh arb é atá ann almóinní, agus iad forlíonta le cnónna piostáise b'fhéidir.

Tá dhá chineál éagsúla uigeachta ann sa bhéal: ní mór greim a bhaint as an eithneagán crua agus bíonn sé briosc (nó bristear ina phíosaí é agus bíonn sé cnagach) agus uigeacht mhín agus inchoganta a bhíonn i gceist leis an eithneagán bog.

Féadfar é a chur i láthair agus é gearrtha ina chruthanna éagsúla:

— mar bharraí dronuilleogacha nó cearnacha, nó mar chodanna a ghearrtar de na barraí sin. Sa chás sin , bíonn páipéar sliseoige ar dhá thaobh atá os coinne a chéile agus bíonn píosaí den líonadh (almóinní agus cnónna piostáise b'fhéidir) infheicthe ar na taobhanna eile.

— nó mar fhoirmeacha múnlaithe;

— nó briste ina bpíosaí agus gráinnmhéadracht acu sa raon ó 1,6 mm go 15 mm. Féadfaidh na píosaí briste a bheith pléineáilte nó féadfaidh siad a bheith cumhdaithe le brat tanaí saille plandúla.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tá saintréithe orgánaileipteacha sonracha ag 'Nougat de Montélimar' mar gheall ar an oideas, ar úsáid na n-amhábhar agus ar an modh táirgthe. Saintréith dá chuid is ea dath uachtarúil nach n-iompaíonn go dath buí de ghnáth agus píosaí almóinní rósta (agus, go roghnach, píosaí cnónna piostáise) agus boladh fíneálta meala agus almóinní. Déantar an fuidreamh a aerú agus a chriostalú. Bíonn uigeacht mhín nó uigeacht chrua aige ag brath ar na paraiméadair chócaireachta (am cócaireachta agus taise iarmharach) nó bíonn sé briosc má tá sé briste i roinnt píosaí.

Ina theannta sin, tá déine 'Nougat de Montélimar' sa raon idir 0,75 agus 1,15.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Liosta na gcomhábhar údaraithe:

Comhábhair le haghaidh an fhuidrimh:

— Siúcra (siúcrós), siúcra reoáin* (siúcrós), síoróip ghlúcóis;

— Mil, nach mór a cion a bheith comhionann le 25 %, ar a laghad, de réir meáchain, d'ábhar tirim na milseoirí (ag an tráth úsáide);

— Gealacáin uibhe dhíhiodráitithe nó gealacáin uibhe úra circe, arb iad an t-aon chomhábhar amháin iad atá údaraithe i gcomhair aerú an fhuidrimh;

— Blastán fanaile nádúrtha nó faighneoga fanaile*, arb iad an t-aon substaint bhlaistithe amháin iad atá údaraithe;

— páipéar sliseoige*;

— Uisce (a úsáidtear chun síoróip shiúcra a dhéanamh nó chun gealacáin uibhe a ath-hiodráitiú).

Comhábhair le haghaidh an líonta:

— Almóinní: 30 % ar a laghad d'almóinní milse, nó 28 % ar a laghad d'almóinní milse arna bhforlíonadh le 2 % ar a laghad de chnónna piostáise, sa táirge deiridh

— Cnónna piostáise*: glas agus scafa.

(*: comhábhair roghnacha)

Ní údaraítear aon bhreiseán i dtáirgeadh 'Nougat de Montélimar'.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe*

Ullmhú an fhuidrimh, an líonadh a mheascadh isteach, aon síoróip shiúcra a mheascadh isteach, múnlú agus rollú an fhuidrimh, fuarú an fhuidrimh.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Áirítear i lipéadú na dtáirgí an t-ainm cláraithe agus siombail TGFC an Aontais Eorpaigh sa réimse céanna radhairc.

Féadfar na haidiachtaí 'mín' nó 'crua' a bheith ann i ndiaidh an ainm de réir uigeacht an eithneagáin.

Féadfar a shonrú go ndéantar an t-eithneagán 'a chócaráil i bpota' más rud é go ndéantar gach céim de tháirgeadh an eithneagáin a dhéanamh ag brú an atmaisféir agus i bpota (coimeádán miotail).

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaítear sa limistéar geografach críoch na 14 bhardasacht seo a leanas agus sin bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021: Allan, Ancône, La Bâtie-Rolland, Châteauneuf-du-Rhône, La Coucourde, Espeluche, Malataverne, Montboucher-sur-Jabron, Montélimar, Puygiron, Rochefort-en-Valdaine, Saint-Marcel-lès-Sauzet, Sauzet, Savasse.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir an táirge agus an limistéar geografach bunaithe ar shaineolas seanbhunaithe mháistrí eithneagáin Montélimar ar rud é a thugann saintréithe sonracha agus cáil shuntasach don eithneagán.

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

— Tosca nádúrtha

Táirgtear 'Nougat de Montélimar' i mbardasacht Montélimar, ar a dtugtar 'an doras isteach go Provence', agus sna bardasachtaí máguaird. Tá an limistéar suite i nGleann na Róine, ó dheas ó roinn Drôme agus ó dheas ón 45ú líne dhomhanleithid. Aeráid Mheánmhara a bhíonn ann, agus méid suntasach sholas na gréine ann, agus imríonn an Mistral tionchar air, ar gaoth thirim réigiúnach é den chuid is mó a shéideann de réir mheánluas 50 km/h agus lena ngabhann séideáin os cionn 100 km/h agus a rannchuidíonn le tirimeacht an aeir.

— Tosca daonna

Is de thionscnamh an Mheánoirthir é an milseogra seo. Thug ceannaithe Féiníceacha é chuig cladaigh na hEorpa agus shroich oidis le haghaidh eithneagán bán Provence sna Meánaoiseanna.

Rinneadh eithneagán a lua den chéad uair in 1097 i scríbhinní maidir le stair chathair Montélimar i dtaca leis an bpearsa finscéalach Adhémar le Rouge. Ar dtús, rinneadh é trí úsáid a bhaint as cnónna, ina dhiaidh sin úsáideadh almóinní chun an t-eithneagán a tháirgeadh ós rud é go raibh an crann almóinní clíomaithe leis an aeráid áitiúil, a bhuí sin le saothar agranamaí de chuid Ardèche darbh ainm Olivier de Serre i ndeireadh an 16ú haois.

Luadh 'Nougat de Montélimar' a bhí déanta le mil agus le halmóinní den chéad uair in 1701 i gcartlanna chathair Montélimar. Thairg an chathair 100 kg den eithneagán do Philippe V na Spáinne, garmhac de chuid Louis XIV, nuair a thug sé cuairt ar an gcathair. Chuir sé sin tús leis an nós mar atá eithneagán a thabhairt mar bhronntanas.

Tar éis 1899, bhí ról tábhachtach ag Emile Loubet, seanadóir de chuid na Fraince agus méara Montélimar, a tháinig chun bheith in Uachtarán na Poblachta, maidir le 'Nougat de Montélimar' a chur chun cinn sa Fhrainc agus thar lear trína thairiscint do roinnt pearsana iomráiteacha. Taispeánadh é, agus barra 'Nougat de Montélimar' ina láimh aige i gcartúin de chuid na haimsire sin.

I dtús an 18ú haois, ba iad milsíneoirí thar aon dream eile a dhéanadh an t-eithneagán sin, i bhfoirm barraí nó builíní a d'fhéadtaí a bhriseadh. Tháinig forbairt ar ghairm an mháistir eithneagáin de réir a chéile, mar a tháinig ar chruthanna an eithneagáin ghearrtha agus ar an bpacáistíocht. Bhunaigh táirgeoirí iomráiteacha 'Nougat de Montélimar' a gcuid búitíceanna féin, rud ar cuireadh tús leis in 1760. Tá cuid acu ag oibriú fós sa lá atá inniu ann. De thoradh fhorbairt na turasóireachta, d'éirigh Bóthar Náisiúnta (7 (RN7), a théann trí lár chathair Montélimar, níos gnóthaí ná riamh. De bharr na mbuantranglam tráchta ar an mbóthar, bhí deis ag an 22 mháistir eithneagáin de chuid na haimsire, a chuir siopaí ar bun feadh an bhealaigh, a gcuid díolachán a mhéadú. Siombail de chuid na ré suntasaí sin sa lá atá inniu ann is ea bosca ar déanamh cloch mhíle RN7 (a cruthaíodh in 1930) a úsáidtear go minic le haghaidh 'Nougat de Montélimar'. Tháinig deireadh leis an tréimhse sin in 1968 nuair a osclaíodh mótarbhealach an A7, ach chomhoibrigh na máistrí eithneagáin lena chéile chun an táirge a mhargú i limistéir scíthe an mhótarbhealaigh.

Mar gheall ar líonra tábhachtach na máistrí eithneagáin in Montélimar agus sa cheantar máguaird, bhíothas in ann leanúint de thraidisiúin táirgthe eithneagáin go háitiúil. Déantar 'Nougat de Montélimar' de réir saineolas sonrach a forbraíodh thar roinnt céadta blianta trí úsáid a bhaint as comhábhair a chomhlíonann seanoidis. Cuimsíonn an earnáil dhinimiciúil sin dosaen gnólacht a fhostaíonn 200 duine. Gabhann tábhacht straitéiseach le hoiliúint máistir-mhilsíneoirí agus déantóirí eithneagáin. Ní mór dóibh an cineál ábhair a úsáidtear, saintréithe na n-amhábhar agus na dálaí atá ann lá an táirgthe (taise an aeir, teocht chomhthimpeallach) a chur san áireamh chun amanna agus teochtaí cócarála a oiriúnú agus an uigeacht atá ag teastáil a bhaint amach. Ní mór dóibh freisin a bheith in ann a mheas cé chomh maith atá an fuidreamh cócaráilte.

Tá an t-oideas le haghaidh 'Nougat de Montélimar' le fáil i roinnt seansaothar: An 'Grand Dictionnaire Universel' le Pierre Larousse (19ú haois); An 'Livre du Pâtissier' le Jules Gouffé (cócaire agus milsíneoir cáiliúil) sa 19ú haois; An 'Codétalloz', ar fíorchiclipéid mhodheolaíochta é do phróiseálaithe siúcra agus a foilsíodh in 1937.

Ó bhí 1965 ann, tá sé socraithe ag an *Chambre syndicale nationale de la confiserie* (comhlachas cheardchumainn na hearnála milseogra) táirgí traidisiúnta áirithe de chuid na Fraince amhail 'Nougat de Montélimar' a chódú i gcód cleachtais, is é sin, an *Code des Usages de la Confiserie*.

Léirítear meas ar stair an táirge a sa mhodh reatha táirgthe. Déantar an fuidreamh go heisiach as gealacáin uibhe agus as milseoirí ina gcuimsítear 25 % ar a laghad de mhil ar ardchaighdeán, de shiúcra, de shiúcra reoáin agus de shíoróip ghlúcóise. Tá úsáid á baint as an gcomhábhar deireanach sin ó bhí an 19ú haois ann agus ní ceadmhach níos mó ná 25 % go 35 % de na milseoirí a bheith ann, ag brath ar an uigeacht a bhfuiltear ag súil léi. Ní údaraítear aon bhreiseán, seachas fanaile (faighneoga fanaile nó blastán nádúrtha). Is é atá sa líonadh 30 % ar a laghad d'almóinní milse iomlána agus rósta, ar féidir cnónna piostáise glasa scafa a chur leo.

Tosaíonn an táirgeadh le 'bonn' uisce, siúcraí agus meala a chócaráil, agus déantar an méid sin a mheascadh leis na gealacáin uibhe a buaileadh ina mbeanna righne (go dtí go bhfuil siad coipeach), gan iad 'a bhriseadh'. Cuirtear leis an meascán sin an tsíoróip shiúcra atá cócaráilte ag teocht ard. Déantar an fuidreamh a thagann as sin a chócaráil go mall chun é a chobhsú. Déanann máistir-mhilsíneoir nó déantóir eithneagáin faireachán ar na próisis chócarála éagsúla.

Is féidir an chócaráil a dhéanamh i bpota ag brú an atmaisféir nó i bhfolúschócaireán, rud a laghdaíonn na hamanna agus teochtaí cócarála.

Déantar na halmóinní milse, agus iad scafa nó neamhscafa, a róstadh go dtí go mbíonn siad briosc go dtína lár agus ansin measctar iad isteach san fhuidreamh ag deireadh na cócarála. Ina dhiaidh sin, déantar an fuidreamh a rolladh nó a smúdáil idir dhá leathán de pháipéar sliseoige nó a mhúnlú ina mhúnlaí samhlaíocha. D'fhéadfadh sé go bhfuil na cruthanna éagsúla sin le fáil cheana féin i gcatalóga máistrí eithneagáin de chuid thús an 20ú haois, go háirithe cruthanna a bhaineann le tréimhsí féiltiúla (an Nollaig, an Cháisc). Féadfaidh an táirge a bheith i bhfoirm barraí, domanónna, cruthanna múnlaithe nó píosaí briste d'eithneagán crua. Féadfar na píosaí briste sin a úsáid chun sainearraí a ullmhú le 'Nougat de Montélimar', amhail uachtar reoite, seacláid nó uachtar eithneagáin.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Baineann comhdhéanamh sonrach agus saintréithe orgánaileipteacha sonracha le 'Nougat de Montélimar'.

Saintréith dá chuid is ea dath uachtarúil nach n-iompaíonn go dath buí de ghnáth agus píosaí almóinní rósta (agus, go roghnach, píosaí cnónna piostáise) agus boladh fíneálta meala agus almóinní. Tá uigeacht mhín nó chrua ag an bhfuidreamh ag brath ar na paraiméadair chócarála (am cócarála agus taise iarmharach) nó bíonn sé briosc má dhéantar é a riar agus é briste ina phíosaí.

Maidir leis an bhfuidreamh, a aeraítear le cuidiú ó ghealacáin uibhe circe a bhuailtear go mbíonn siad ina gcúr agus leis sin amháin, nuair a bhíonn sé criostalaithe, bíonn dlús 0,75 go 1,15 aige, rud a léiríonn a chobhsaíocht agus a uigeacht. Tá boladh fíneálta meala agus almóinní ag an eithneagán sin de thoradh a chomhdhéanaimh, lena mbaineann saibhreas meala ar leith (íosmhéid 25 % de mhilseoirí) agus almóinní rósta (íosmhéid 30 % den táirge deiridh, nó íosmhéid 28 % den táirge deiridh, a gcuirtear íosmhéid 2 % de chnónna piostáise leis).

Tá dhá chineál éagsúla uigeachta ann sa bhéal: ní mór greim a bhaint as an eithneagán crua agus bíonn sé briosc (nó bristear ina phíosaí é agus bíonn sé cnagach) agus uigeacht mhín agus inchoganta a bhíonn i gceist leis an eithneagán bog.

Féadfar é a chur i láthair agus é gearrtha ina chruthanna éagsúla, múnlaithe, nó ina phíosaí briste d'eithneagán crua lena mbaineann gráinnmhéadracht ó 1,6 go 15 mm.

5.3. *Nasc cúisíoch*

Go stairiúil, tá roinnt cúiseanna ann ar tháinig táirgeadh eithneagáin chun bheith bunaithe in Montélimar. Ar an gcéad dul síos, forbraíodh an t-oideas le haghaidh eithneagán bán in Provence sna Meánaoiseanna, agus go háirithe in Montélimar, atá suite i limistéar ina bhfuil tirimeacht an aeir áitiúil fabhrach do tháirgeadh an mhilseogra thais-scópaigh sin ina bhfuil cuid mhór meala agus a éiríonn greamaitheach agus nach gcoinníonn chomh maith céanna in aeráidí níos taise. Ba tháirgí traidisiúnta réigiúnacha iad mil agus almóinní. Tá eolas ar 'Nougat de Montélimar' ó aimsir an 10ú haois, agus níorbh fhada gur cuireadh tús lena thairiscint do cheannairí stáit a bhí ar cuairt sa chathair, agus ina dhiaidh sin dáileadh agus aithníodh go hidirnáisiúnta é a bhuí le hUachtarán na Fraince, Emile Loubet (1899). Tá Montélimar suite ar Bhóthar Náisiúnta 7 freisin. Bhí ról tábhachtach ag an mbóthar sin chun cáil 'Nougat de Montélimar' a scaipeadh ar fud na Fraince ag tús an 20ú haois.

Tugann na comhábhair a roghnaíodh agus an t-oideas atá i gcomhréir le saineolas seanbhunaithe saintréithe sonracha do 'Nougat de Montélimar'.

Déantar an fuidreamh a aerú trí úsáid a bhaint as oibreán aerúcháin aonair, is é sin gealacáin uibhe circe a bhuaitear go dtí go mbíonn siad ina gcúr. Nuair a mheasctar go cúramach é leis na síoróipí cócaráilte, cuireann sé le huigeacht aeraithe agus chriostalaithe an táirge a bhfuil dlús faoi bhun 1,15 aige.

Bhí mil agus almóinní ina gcomhábhair thábhachtacha i gcónaí. Trí mhil ardcháilíochta a úsáid le haghaidh 25 % ar a laghad de na milseoirí, tugtar boladh fíneálta na meala don eithneagán. Cuireann na halmóinní milse rósta, ar 30 % ar a laghad den táirge iad, leis an uigeacht sa bhéal agus le boladh fíneálta almóinní. Go traidisiúnta, féadtar iad a fhorlíonadh le cnónna piostáise glasa, rud a thugann cuma ildaite agus blas fíneálta do 'Nougat de Montélimar'. Ag brath ar na teochtaí agus amanna cócarála, bíonn an t-eithneagán a fhaightear mín nó crua.

Ós rud é go bhfuil máistrí eithneagáin bunaithe in Montélimar, ar feadh níos mó ná céad bliain i gcásanna áirithe, agus ós rud é go bhfuil an oiread sin díobhlonnaithe i bpríomhchathair seo an eithneagáin, tá buanú déanta ar shaineolas mhilsíneoirí 'Nougat de Montélimar' arb iad a fhaigheann máistreacht ar chéimeanna fíneálta an oidis. Tá cáil 'Nougat de Montélimar' forleathan ar fud na Fraince ó dheireadh an 19ú haois agus leanann sí de bheith láidir. Sa lá atá inniu ann, gach bliain, táirgeann máistrí eithneagáin Montélimar níos mó ná 1 500 tona den eithneagán, a mhargaítear ar fud na tíre.

Tá 'Nougat de Montélimar' tar éis teacht chun bheith ina chuid dhílis d'oidhreacht chultúrtha mhuintir Montélimar. Eagraíonn príomhchathair an eithneagáin an fhéile 'Nougat de Montélimar' go tráthrialta. Taispeántar íomhá den táirge le linn gníomhaíochtaí áitiúla, ag imeachtaí spóirt agus cultúrtha, agus i bhfoilseacháin turasóireachta agus ghastranómacha. Cuireann an músaem eithneagáin agus milseogra in Montélimar agus ceardlanna na máistrí eithneagáin atá ar oscailt do chuairteoirí béim bhreise ar an táirge. Rinneadh staidéir shonracha ar cháil 'Nougat de Montélimar' in 1994 agus 2014. Deimhníodh sa suirbhé a d'eagraigh an institiúid vótaíochta CSA in 2014 cáil ainm an táirge sin i measc mhuintir na Fraince: ceanglaíonn 78 % de na freagróirí faoi bhun 35 bliana d'aois agus 94 % díobh siúd os cionn 35 bliana d'aois cathair Montélimar le heithneagán. Tá na figiúirí sin níos airde fós ná i suirbhé 1994, inar luaigh 75 % de thomhaltóirí eithneagán go spontáineach nuair a labhraíodh leo faoi chathair Montélimar, agus *vice versa*.

Is sólaiste é 'Nougat de Montélimar' a bhaineann le himeachtaí cultúrtha na ndaoine, le hócáidí ceiliúrtha teaghlaigh agus leis an óige.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-NougatMontelimar-QCOMUE1-postCP1212.pdf